



|                 |  |
|-----------------|--|
| Post            | <b>Eacnamaí - Creata Bailithe Sonraí Bia Mara (AOF)</b>  |
| Conradh         | <b>Conradh Sainchuspóra Sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (CEMID)</b>  |
| Grúpa Seirbhíse | <b>An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha</b>   |
| Áit             | <b>D'fhéadfadh sé a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath; nó in aon ceann dár n-oifigí: i Luimneach, i mBaile Uí Fhiacháin, i mBaile Chaisleáin Bhéarra nó sna Cealla Beaga</b> |

#### Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

##### **An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha**

Tá an tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (ASES) freagrach as sonraí eacnamaíochta ar bhia mara ar fud an domhain a bhailiú, agus measúnú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn treoir luachmhar thráchtála a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann de réir mar a thugann sé aghaidh ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag athrú. Tacaíonn an ASES le BIM chun straitéisí a chruthú d'fhorbairt tionscail bunaithe ar anailís daingean a dhéanamh ar shonraí, eolas agus treochtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna a aithint, mar aon le bheith ag cur le cumas BIM i ndáil le húsáid sonraí chun léargas a chur ar fáil a dhéanann eolas do chinnteoireacht ag leibhéal eagraíochta.

Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad tacaíocht theicniúil agus léargas ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), do thionscal bia mara na hÉireann, d'Fhoras na Mara agus don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara ar réimsí beartais iascaigh mar deiseanna iascaireachta, bearta teicniúla, an oibleagáid maidir le tabhairt i dtír éisc, pleananna ilbhliantúla agus beartas flíteanna, mar aon leis na tionchair atá ag Covid-19 agus an Breatimeacht ar an tionscal bia mara

#### Achoimre ar an Ról:

Oibreoidh an tEacnamaí Bia Mara laistigh d'fhoireann ESSU chun tacaíocht a chur ar fáil don Chomhordaitheoir Bailithe Sonraí chun forálacha Chreat Bailithe Sonraí an AE a sheachadadh. Saineolas eacnamaíochta agus staitistiúil a chur ar fáil agus bainistiú a dhéanamh ar bhailiú agus ar bhainistiú sonraí socheacnamaíochta don earnáil iascaigh. Leis na gníomhaíochtaí seo, seachadfar cuid de dhualgais na hÉireann faoin gClár Ilbhliantúil Bailithe Sonraí (MAP an AE) a fhaigheann maoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID 2021 go dtí 2027).

#### Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun cinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.



Reáchtálfar Clár Ibhliantúil an EU maidir leis an gCreat Bailithe Sonraí (DCF - EUMAP) thar an tréimhse 2021 go dtí 2027 agus cuirfear sonraí eolaíochta ar fáil leis atá ag teastáil chun tacú leis an gComhbheartas Iascaigh. Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoin CEMID (an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú le cur i bhfeidhm an DCF-EUMAP nua. Príomhghnéithe de DCF-EUMAP iad sonraí iascaigh a bhailiú, sonraí a bhainistiú, measúnú a dhéanamh agus comhairle a chur ar fáil maidir le stoic pheiligeacha a ndéanann iascaigh mhara tráchtála na hÉireann dúshaothrú orthu.

Tá freagracht ar BIM meastóireacht agus comhairle eacnamaíochta maidir le tionscal bia mara na hÉireann a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara (RTBM) agus don Choimisiún Eorpach i ndáil leis an gCreat Bailithe Sonraí, agus do thionscal bia mara na hÉireann go díreach chomh maith. Éilítear ar BIM cláir bailithe sonraí a leagan amach, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm gach bliain agus anailís a dhéanamh ar na tacaí sonraí a thagann astu ina dhiaidh sin chun na riachtanais atá ag Éirinn faoi láthair agus na riachtanais a bheidh aici amach anseo faoi Chreat Bailithe Sonraí an AE a shásamh. Mar chuid de seo, éilítear ar BIM chomh maith ionchur eacnamaíochta a bheith aige i roinnt meithleacha saineolaithe de chuid an AE.

D'fhonn na ról seo a chomhlíonadh, teastaíonn eacnamaí ó BIM chun cuidiú le seachadadh an DCF. Rachaidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis i mbun anailís ar shonraí eacnamaíochta ó thionscal bia mara na hÉireann. Ar cheann de príomhfhreagrachtaí an phoist tá bailiú, comhthiomsú agus anailísiú sonraí eacnamaíochta ó fhoinsí iomadúla, a bhfuil na cuspóirí nasctha leo chun tuarascáil bhliantúil ar stádas eacnamaíochta iascaigh agus cabhlach a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, agus chun anailísí eacnamaíochta agus socheacnamaíochta ar chalafoirt a fhoilsiú d'fhonn an tábhacht eacnamaíochta atá leo don tionscal bia mara, agus an tionchar atá acu ar an tionscal sin, ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a dheimhniú. Beidh sé ina ghnáthchleachtas sa phost seo go mbeidh ar an té a n-éireoidh leis torthaí anailísí eacnamaíochta a chur in iúl do ghrúpaí de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus mar sin beidh duine ag teastáil a bhfuil gairmiúlacht cheannasach aige, mar aon le saineolas ar chuir i láthair a dhéanamh.

#### Príomhthascanna:

- Tacaí sonraí socheacnamaíochta ábhartha a bhailiú, a bhainistiú agus a anailísiú chun na riachtanais atá ag Éirinn faoi láthair agus na riachtanais a bheidh aici amach anseo faoi Chreat Bailithe Sonraí an AE a shásamh agus chun tuiscint níos doimhne ar chúinsí eacnamaíochta thionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt, san earnáil gabhála go háirithe.
- Suirbhéanna a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus Tacaí sonraí an tionscail eacnamaíochta a choinneáil agus a thabhairt cothrom le dáta.
- 
- Modhanna nua bainistithe dátaí a fhorbairt, lena bhfuil aschuir anailíseacha chun críocha taighde agus tuairiscithe.
- Dul i gcomhairle le Foras na Mara, leis an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara agus leis an tionscal bia mara i ndáil leis an gCreat Bailithe Sonraí agus le cláir agus tionscadail náisiúnta eile.
- Dul i gcomhairle leis an tionscal bia mara d'fhonn cur leis an tacaíocht a thugtar don obair a dhéanann an grúpa eacnamaíochta go háirithe maidir leis an gCreat Bailithe Sonraí.
- Tuarascálacha inmheánacha agus seachtracha a thabhairt chun críche lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil ar stádas eacnamaíochta iascaigh agus cabhlach a bhfuil tábhacht náisiúnta leo.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chonarthaí, ar shocruithe airgeadais agus ar íocaíochtaí don DCF agus tionscadail taighde eile.
- A bheith bainteach le tionscadail ad hoc a bhaineann le hanailís eacnamaíochta agus anailís sonraí.



- Iarrataí ar thaighde, anailís agus comhairle ó fheidhmeannaigh tionscail, rialtais nó BIM a bhainistiú agus freagra a thabhairt orthu.

#### **Eile:**

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

#### **Struchtúr Tuairiscithe:**

Bainisteoir Rannóige / Bainisteoir Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha

#### **Teagmhálaithe:**

##### **Laistigh de BIM**

An Bainisteoir Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, an fhoireann DC-MAP, Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, an fhoireann TF.

##### **Lasmuigh de BIM**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, comhpháirtithe tionscadail, Foras na Mara, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, an earnáil gabhála, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Grúpa Pleanála DCF ar Chúrsaí Eacnamaíochta agus Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach de chuid Choimisiún an AE, grúpaí oibre maidir le Meastóireachtaí Náisiúnta ar Chláir agus ar Thuarascálacha.

##### **Oiliúint**

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

#### **Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint**

#### **Riachtanach:**

- Céim in Eacnamaíocht/Eacnaiméadracht/Bainistiú Acmhainní Mara nó céim uimheartha eile a raibh ábhar gnó nó eacnamaíochta mar chuid mhór di.
- Taithí 5 bliana ar a laghad i réimse a bhaineann le hábhar.
- Scileanna oibre foirne láidre.
- Eolas ar mhodhanna agus ar bhogearraí staitistiúla (R, R-Studio, SQL)
- Sárscileanna scríofa, ó bhéal agus uimhearthachta.
- Ar fáil chun a bheith ag obair as baile ar feadh seachtaine nó níos faide sa turas.
- A bheith in ann obair go héifeachtach le tionscal na hiascaireachta.
- Ceadúnas iomlán tiomána glan.

#### **Inmhianaithe:**



- Taighde foilsithe ar eacnamaíocht bia mara.
- Eolas ar phríomhghnéithe an Chomhbheartais lascaigh (uastáirgeacht inbhuanaithe, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, réigiúnú)

#### Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Taithí a bheith ag obair i gcomhar le heacnamaithe agus baill d'fhoireann theicniúil.
- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú
- Taithí chruthaithe ar a bheith ag obair le comhpháirtithe ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, agus cumas a bheith ag obair go cáiréiseach le páirtithe leasmhara chun fadhbanna a réiteach.

#### Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,345 - €63,404 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2021) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huairé (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

#### Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

#### Fad an Chonartha:

Clúdóidh an conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí deireadh an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

#### An tSlí le hiarratas a dhéanamh

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#), ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie) nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Is é 5 p.m. an 15 Iúil 2022 an dáta deiridh a nglacfar le harratais.**



Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie).

**Úsáid Sonraí** - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

***Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara***